Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13011/23**

**EF 272**
**ECOFIN 878**
**DELACT 133**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5912 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.9.2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear in Airteagal 394(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainaithint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5912 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 5912 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.9.2023
C(2023) 5912 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.9.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear in Airteagal 394(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainaithint**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 394(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('an Rialachán') tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na critéir a shonrú chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear in Airteagal 394(2) den Rialachán a shainaithint. Is féidir é sin a dhéanamh tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur isteach agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010,

Chun comhsheasmhacht a áirithiú trí na codanna éagsúla den chreat rialála, cuirtear san áireamh sa ghníomh tarmligthe seo forbairtí idirnáisiúnta agus caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le scáthbhaincéireacht. Breithníonn sé freisin an méid seo a leanas: (a) cé acu an bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh rioscaí do shuíomh sócmhainneachta nó do shuíomh leachtachta na hinstitiúide a bheith ag baint leis an gcaidreamh le heintiteas aonair nó le grúpa eintiteas; agus (b) cé acu ar cheart nó nár cheart eintitis atá faoi réir ceanglais sócmhainneachta nó ceanglais leachtachta atá comhchosúil leis na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE a eisiamh ina n-iomláine nó go páirteach ón oibleagáid a bheith tuairiscithe maidir le heintitis scáthbhaincéireachta.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear ÚBE, ní mór don Choimisiún cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé na dréachtchaighdeáin arna gcur isteach a fhormhuiniú laistigh de 3 mhí tar éis iad a fháil. Féadfaidh an Coimisiún tacú freisin leis na dréachtchaighdeáin go páirteach amháin, nó le leasuithe orthu, i gcás ina n- éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 394(4) den Rialachán. Rinne an tÚdarás anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin an 26 Iúil 2021, agus tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán an 26 Deireadh Fómhair 2021.

Arna iarraidh sin go sonrach ag an gCoimisiún, ní chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin ach na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin agus an meabhrán míniúcháin sin. An fhaisnéis chúlra uile – go háirithe cúlra agus réasúnaíocht na ndréachtchaighdeán teicniúla rialála, an measúnú tionchair agus an t-aiseolas ar an gcomhairliúchán poiblí – cuirtear san áireamh í sa tuarascáil deiridh a ghabhann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin. D'fhaomh Bord Maoirseoirí ÚBE an tuarascáil sin an 20 Bealtaine 2022 agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin poiblí ÚBE.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sonraítear an méid seo a leanas i bhforálacha an ghnímh tharmligthe seo: (i) na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta agus eintitis neamh-scáthbhaincéireachta araon a shainaithint; (ii) an sainmhíniú ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí baincéireachta; agus (iii) na critéir chun eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha a eisiamh ó bheith measta mar eintitis scáthbhaincéireachta.

Tá na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin ailínithe leis na Treoirlínte maidir le teorainneacha i leith neamhchosaintí ar eintitis scáthbhaincéireachta a dhéanann gníomhaíochtaí baincéireachta lasmuigh de chreat rialáilte faoi Airteagal 395(2) den Rialachán.

Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí nó seirbhísí baincéireachta atá údaraithe agus a ndéantar maoirseacht orthu i gcomhréir leis an gcreat rialála atá comhdhéanta d'aon cheann de na gníomhartha dlí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I de na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin (nó atá mar chuid de ghrúpa a ndéantar maoirseacht orthu ar an mbonn sin), níor cheart a mheas gur eintitis scáthbhaincéireachta iad. Ní mór feidhm a bheith ag an gcóir chéanna maidir leis na heintitis atá díolmhaithe nó eisiata ó chur i bhfeidhm roinnt de na gníomhartha dlí sin, go háirithe an Rialachán, Treoir 2013/36/AE, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó Treoir 2009/138/CE. Ní mór gach eintiteas eile a sholáthraíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí baincéireachta a mheas mar eintitis scáthbhaincéireachta, agus tá feidhm ag rialacha sonracha maidir le gnóthais chomhinfheistíochta áirithe.

I gcás eintitis atá bunaithe i dtríú tír, déantar idirdhealú sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála idir institiúidí agus eintitis eile. Níor cheart institiúidí a shainaithint mar eintitis scáthbhaincéireachta má tá siad údaraithe agus maoirsithe ag údarás maoirseachta a chuireann rialáil agus maoirseacht bhaincéireachta i bhfeidhm bunaithe ar Chroíphrionsabail Basel do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach ar a laghad; níor cheart eintitis eile a shainaithint mar eintitis scáthbhaincéireachta má tá siad faoi réir córas rialála a aithnítear a bheith coibhéiseach leis an gcóras a chuirtear i bhfeidhm san Aontas maidir le heintitis den sórt sin i gcomhréir le forálacha coibhéise ghníomh dlí ábhartha an Aontais.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.9.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear in Airteagal 394(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainaithint**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 394(4), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhéadfadh rioscaí méadaithe don chobhsaíocht airgeadais a bheith mar thoradh ar an scáthbhaincéireacht. Le húdarú agus maoirseacht i gcomhréir le dlí an Aontais, maolaítear an riosca sin. Dá bhrí sin, is iomchuí a leagan síos nach measfar eintitis atá faoi réir údarú agus maoirseacht den sórt sin a bheith ina n-eintitis scáthbhaincéireachta. Chun na críche sin, is gá dlí an Aontais sin a shonrú.

(2) Le linn ghéarchéim Covid-19 a bhí ann le déanaí, bhí fadhbanna tromchúiseacha leachtachta roimh chistí margaidh airgid. Léiríodh leis sin nach maolaítear ina n-iomláine na rioscaí a bhaineann le cistí margaidh airgid leis na ceanglais stuamachta atá ann cheana san Aontas, go háirithe faoi dhálaí anáis sa mhargadh, agus dá bhrí sin, go bhféadfadh riosca méadaithe don chobhsaíocht airgeadais a bheith mar thoradh orthu. Ar an gcúis sin, ba cheart neamhchosaintí ar chistí margaidh airgid a mheas mar neamhchosaintí ar eintitis scáthbhaincéireachta.

(3) Bíonn rioscaí breise ag baint le cistí infheistíochta malartacha a úsáideann giaráil ar bhonn substaintiúil agus ní meastar go maolaítear na rioscaí sin go leordhóthanach ó thaobh na stuamachta de leis na ceanglais a fhorchuirtear ar a mbainisteoirí sócmhainní faoi Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí eintitis scáthbhaincéireachta a mheas mar chistí infheistíochta malartacha i gcás ina mbaineann na gnóthais sin úsáid as giaráil ar bhonn substaintiúil, ina dtionscnaíonn siad iasachtaí i ngnáthchúrsa a ngnó, nó ina gceannaíonn siad neamhchosaintí ar iasachtú tríú páirtí dá gcuntas féin.

---

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

[2] Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(4) Níor cheart d'institiúidí a mheas gur eintitis scáthbhaincéireachta iad institiúidí airgeadais a láimhseáiltear mar institiúidí chun sócmhainní atá ualaithe ó thaobh riosca de a ríomh faoin gcur chuige caighdeánaithe a leagtar amach in Airteagal 119(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ós rud é go ndéanann na húdaráis inniúla na hinstitiúidí airgeadais sin a údarú agus a mhaoirsiú agus go bhfuil siad faoi réir ceanglais stuamachta atá inchomparáide, ó thaobh stóinseachta de, leis na ceanglais sin a chuirtear i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí.

(5) Mar gheall ar a gcineál poiblí nó leathphoiblí nó a stádas comhoibritheach, eisiatar eintitis áirithe go sainráite ó raon feidhme Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ar an gcúis sin, níor cheart d'institiúidí a mheas gur eintitis scáthbhaincéireachta iad na heintitis sin.

(6) Le hAirteagal 4 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], eisiatar gnóthais árachais agus athárachais áirithe ó raon feidhme na Treorach sin, i ngeall ar a méid. Ós rud é gur gnóthais bheaga iad na gnóthais sin, ní bhaineann riosca suntasach don chobhsaíocht airgeadais leo. Ar an gcúis sin, níor cheart d'institiúidí a mheas gur eintitis scáthbhaincéireachta iad na gnóthais sin.

(7) Tá raon feidhme teoranta ag gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa de chuid eintiteas atá ina gcuid de ghrúpa neamhairgeadais, gníomhaíochtaí a dhéantar thar ceann eintitis eile laistigh den ghrúpa neamhairgeadais sin. Ar an gcúis sin, ní bhaineann riosca suntasach don chobhsaíocht airgeadais leo agus níor cheart, dá bhrí sin, iad a shainaithint mar eintitis scáthbhaincéireachta.

(8) Eintitis a áirítear sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar institiúidí atá faoi réir na gceanglas stuamachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, níor cheart iad a shainaithint mar eintitis scáthbhaincéireachta, toisc go ngabhtar rioscaí na n-eintiteas sin ar an leibhéal comhdhlúite.

(9) Is prionsabail a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta iad Croíphrionsabail Basel do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach agus is bunús fónta iad do rialáil, do mhaoirseacht, do rialachas agus do bhainistiú riosca earnála baincéireachta tíre. Dá bhrí sin, níor cheart institiúid tríú tír a ndearna údarás maoirseachta í a údarú agus a ndéanann údarás maoirseachta í a mhaoirsiú, ar údarás maoirseachta é a chuireann na Croíphrionsabail Basel sin i bhfeidhm, a bheith ina riosca suntasach don chobhsaíocht airgeadais agus níor cheart í a shainaithint mar eintiteas scáthbhaincéireachta.

(10) Ar an gcúis chéanna, níor cheart a mheas gur eintitis scáthbhaincéireachta iad fochuideachtaí máthairghnóthais atá údaraithe agus maoirsithe i gcomhréir le Croíphrionsabail Basel agus a áirítear sa chomhdhlúthú stuamachta agus sa mhaoirseacht stuamachta ar bhonn comhdhlúite ar an máthairghnóthais sin.

---

[3] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

[5] Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus é sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

(11) Liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 6, 7, 8 agus 10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE seirbhísí agus gníomhaíochtaí áirithe ar seirbhísí agus gníomhaíochtaí baincéireachta iad. Mar sin féin, tá seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile ann a dhéanann eintitis áirithe atá an-chosúil leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí baincéireachta sin, i gcás ina bhfuil baint ag claochlú aibíochta, claochlú leachtachta, giaráil, nó aistriú riosca creidmheasa leo. Ar an gcúis sin, ba cheart na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin a mheas mar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí baincéireachta chun eintitis scáthbhaincéireachta a shainaithint.

(12) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta a shainaithint**

1. Sainaithneoidh institiúidí na nithe seo a leanas mar eintiteas scáthbhaincéireachta:

(a) aon eintiteas a thairgeann seirbhísí baincéireachta nó a dhéanann gníomhaíochtaí baincéireachta mar a leagtar amach in Airteagal 2 agus nach bhfuil údaraithe ná maoirsithe i gcomhréir le haon cheann de ghníomhartha an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) aon ghnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] i gcás ina bhfuil na gnóthais sin údaraithe mar chistí margaidh airgid dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8];

(c) aon chiste infheistíochta malartach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE, i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) údaraítear an ciste infheistíochta malartach mar chiste margaidh airgid dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1131;

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

7 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (athmhúnlú) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

8 Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8).

(ii) úsáideann an ciste infheistíochta malartach giaráil ar bhonn substaintiúil mar a leagtar amach in Airteagal 111(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún[9];

(iii) níl toirmeasc ar an gciste infheistíochta malartach iasachtaí a thionscnamh i ngnáthchúrsa a ghnó nó neamhchosaintí ar iasachtú tríú páirtí a cheannach dá chuntas féin ar bhonn a rialacha nó a ionstraimí corpraithe.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní dhéanfaidh institiúidí na heintitis seo a leanas a shainaithint mar eintitis scáthbhaincéireachta:

(a) institiúidí airgeadais a láimhseáiltear a neamhchosaintí i gcomhréir le hAirteagal 119(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) aon eintiteas a eisiatar ó raon feidhme aon cheann díobh seo a leanas:

(i) Treoir 2013/36/AE;

(ii) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(iii) Treoir 2009/138/CE;

(iv) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) aon eintiteas a dhíolmhaítear ó chur i bhfeidhm aon cheann díobh seo a leanas:

(i) Treoir 2013/36/AE;

(ii) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(iii) Treoir 2009/138/CE;

(iv) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) aon eintiteas ar cuid de ghrúpa neamhairgeadais é arb í a phríomhghníomhaíocht í gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa a dhéanamh dá mháthairghnóthas nó dá fhochuideachtaí nó d'fhochuideachtaí eile a mháthairghnóthais;

(e) aon eintiteas a áirítear sa mhaoirseacht ar institiúid ar bhonn comhdhlúite;

(f) aon eintiteas atá bunaithe i dtríú tír agus a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

(i) rinne údarás maoirseachta tríú tír an t-eintiteas a údarú agus a mhaoirsiú i gcomhréir le Croíphrionsabail Basel do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach;

(ii) tá córas rialála an tríú tír, ar i gcomhréir leis a údaraíodh an t-eintiteas agus a ndéantar maoirseacht air, aitheanta mar chóras atá coibhéiseach leis an gcóras a chuirtear i bhfeidhm san Aontas ar eintitis den sórt sin i gcomhréir le forálacha coibhéise ghníomh dlí an Aontais is infheidhme dá dtagraítear san Iarscríbhinn;

(iii) áirítear an t-eintiteas sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar institiúid a ndearna údarás maoirseachta tríú tír í a údarú agus a ndéanann údarás

[9] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lch. 1).

maoirseachta tríú tír í a mhaoirsiú, ar údarás maoirseachta é a chuireann rialáil agus maoirseacht bhaincéireachta i bhfeidhm bunaithe ar Chroíphrionsabail Basel do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach.

*Airteagal 2*

**Seirbhísí agus gníomhaíochtaí baincéireachta**

1. Chun críoch Airteagal 1, seirbhísí agus gníomhaíochtaí baincéireachta a bheidh sa mhéid seo a leanas:

   (a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí 1, 2, 3, 6, 7, 8 agus 10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE;

   (b) aon seirbhís nó gníomhaíocht eile lena mbaineann claochlú aibíochta, claochlú leachtachta, giaráil nó aistriú riosca creidmheasa.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní seirbhísí agus gníomhaíochtaí baincéireachta a bheidh i ngníomhaíochtaí agus seirbhísí arb éard atá iontu imréiteach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.9.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*